

AN GARDA SÍOCHÁNA

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

ANNUAL REPORT

AN GARDA SÍOCHÁNA

OF AN GARDA SÍOCHÁNA

2006



Is é ráiteas misin an Garda Síochána an Leibhéal so aimsithe is airde a bhaint amach

- i gCosaint Phearsanta • Tiomantas Pobail • Slándáil Stáit

The Mission of An Garda Síochána is to achieve the highest attainable level of

- Personal Protection • Community Commitment • State Security



# RÉAMHRÁ - FOREWORD

A Aire, a chara

Tá áthas orm tuarascáil bhliantúil an Gharda Síochána don bhliain 2006 a chur i do láthair.

Is í seo an chéad tuarascáil bhliantúil nach bhfuil anailís mhionsonraithe ar choireanna comhshnaidhmtha leis ó tá feidhm thiomús agus fhoilsiú staitisticí mar iad ar an Lár-Oifig Straidrimh anois. Ach tá cuntas gearr ar choireacht ceannlíne don bhliain san áireamh ann agus léiríonn sé méadú de 1.4% ar líon na gcoireanna mar iad a taifeadh i 2005. Taifeadh ráta braite an-ard de 40% don bhliain.

Thit líon na mbásanna ar an mbóthar i gcomparáid le 2005 ach tá siad fós ag leibhéal ard neamhghlactha. Lean an méadú de réir a chéile ar acmhainní arna sannadh d'aonaid tráchta ar fud na tíre ar feadh na bliana, ag comtharlú le comhaltaí ag teacht amach as Coláiste an Gharda. Ag deireadh na bliana bhí líon iomlán de 805 oifigeach sa chóir tráchta agus iad tiomanta i leith bhainistiú na tráchta agus forfheidhmiú reachtaíochta i dtaca le trácht ar bhóithre.

Ba é óstáil Chorn Ryder in Éirinn ag Club K i Meán Fómhair buaicphointe spóirt na bliana agus chuidigh ionchur pleanála an Gharda Síochána go mór leis an rath a bhí

ar an ócáid ar fad.

Ag deireadh na bliana bhí líon de 12,954 comhalta faoi mhionn san eagraíocht agus 1,126 oiliúnaí i mbun oiliúna de réir an chláir earcaíochta luathaithe, atá sceidealta le leanúint go 2010 i ndiaidh chinneadh an Rialtais líon an Gharda Síochána go 15,000. Tugadh isteach Cúltaca an Gharda i gcaitheamh na bliana agus sannadh 36 comhalta a chríochnaigh a gcuid oiliúna i mí na Nollag do Bhaile Átha Cliath, Corcaigh, Gaillimh agus Sligeach.

Is mian liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Rialtas, leatsa go pearsanta agus le d'oifigh sa Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí as an tacaíocht a soláthraíodh don Gharda Síochána i gcaitheamh na bliana ar fad.

Noel Ó Conaire  
Coimisinéir an Gharda Síochána



Dear Minister

I am pleased to present to you the annual report of An Garda Síochána for 2006.

This marks the first annual report that does not incorporate a detailed analysis of crime as the function of compiling and publishing such statistics now rests with the Central Statistics Office. However, a snapshot of headline crime for the year is

included and shows an increase of 1.4% on the number of such crimes recorded in 2005. An impressive detection rate of 40% was recorded for the year.

While road fatalities decreased when compared to the 2005 figure they remain at an unacceptably high level. The phased increase in resources assigned to traffic units throughout the country continued during the year, coinciding with graduations from the Garda College and at the end of the year the overall strength of the traffic corps stood

at 805 officers dedicated to traffic management and the enforcement of road traffic legislation.

Ireland's hosting of the Ryder Cup at the K Club in September was the sporting highlight of the year and the planning input of An Garda Síochána played a significant part in the overall success of the event.

At the end of the year there were 12,954 sworn personnel in the organisation, with a further 1,126 students in training in line with the accelerated recruitment programme, which is scheduled to continue until 2010 following the Government's decision to increase the strength of An Garda Síochána to 15,000. The Garda Reserve was also introduced during the year with 36 members, assigned to Dublin, Cork, Galway and Sligo, graduating in December.

I wish to express my appreciation to the Government, to you personally and your officials in the Department of Justice, Equality and Law Reform for the support provided to An Garda Síochána throughout the year.

Noel Conroy  
Commissioner of An Garda Síochána

## SCÉIM RABHAIDH DO DHAOINE FÁSTA

Tugadh isteach an Scéim Rabhaidh do Dhaoine Fásta go luath i 2006 chun líon na gcásanna coiriúla a bhí á dtabhairt os comhair na gcúirteanna a laghdú. Faoin scéim seo is féidir leis an nGarda Síochána rabhadh a thabhairt do chiontóirí, in ionad iad a ionchúiseamh. Laghdaíonn an scéim an méid ama a chaitheann gardaí ag freastal ar chúirteanna ionas gur féidir iad a imscaradh ar dhualgais oibríúcháin.

Tá feidhm ag an scéim maidir le raon cionta a roghnaíodh tar éis dul i gcomhairle le hOifig Stiúirtheoir na nIonchúiseamh Poiblí. Measadh go raibh cionta achomair, ach cionta faoi na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre agus cionta a d'eascair as iompar a bhféadfaí a rá ina thaobh go bhféadfadh sé gortú tromchúiseamh a dhéanamh do dhuine nó damáiste mór do mhaoín, oiriúnach don scéim seo. Cuireadh san áireamh chomh maith cionta indíotáilte nach raibh cionthromchúiseach le roinnt cionta eile mar mhéideanna beaga bia, dí nó earraí tí a ghoid, agus ionsaithe nuair nach raibh gortú suntasach i gceist leo. Is í gné lánach na scéime seo ná an rabhadh a thugtar don chiontóir ag an Oifigeach Ceantair (ceannfort), nó ag Cigire ag feidhmiú sa cháil sin. Tugtar sracchuntas ar an scéim agus ar na treoirlínte dá chur chun feidhme i ndoiciméad míniúcháin, atá ar fáil ar láithreán an Gharda, [www.garda.ie](http://www.garda.ie)



Tá buntáistí nach beag ag gabháil leis an Scéim Rabhaidh do Dhaoine Fásta do roinnt mhaith de na páirtithe leasmhara sa chóras ceartais choiriúil. Buntáiste d'íospartaigh ná go lorgáitear a dtuairimí agus go dtógtar i gcuntas iad. Ní bhíonn orthu freastal ar an gcúirt, ná fianaise a thabhairt.

Tá cosaintí éifeachtacha sa scéim chun cearta ciontóirí a chosaint. D'fhéadfadh sé go ndíspreagfar ciontóirí nach bhfuil ciontú coiriúil acu cheana ó chionta a dhéanamh sa todhchaí trí rabhadh seachas ionchúiseamh a fháil. I gcás ciontóirí nach ndearna cionta tromchúiseacha agus gur dócha nach n-athchiontóidh siad, tugtar a gcás chun críche gan an mhoill a bheadh i gceist le himeachtaí coiriúla.

## ADULT CAUTIONING SCHEME

deemed appropriate for consideration. Indictable charges of a comparatively minor nature such as theft of small amounts of food, drink or household products, and assaults which were not intended to cause significant harm, were also included.

The central feature of the scheme is the caution administered to the offender by the District Officer (Superintendent), or an Inspector acting in such a capacity. Details of the scheme and the guidelines for its implementation are outlined in an explanatory document, which is available on the Garda website, [www.garda.ie](http://www.garda.ie).

The Adult Cautioning Scheme provides many of the stakeholders in the Criminal Justice system with a range of significant benefits. Victims benefit as a result of their views being sought and taken into account. They are also spared the need to attend, and give their evidence, in court.

The scheme has effective safeguards to uphold the rights of offenders. Offenders without criminal convictions may be deterred from acting in a criminal manner in future through cautioning rather than prosecution. Less serious offenders who are considered unlikely to re-offend have their cases concluded without the time delay involved in criminal proceedings.



## BAINISTÍOCHT STRAITÉISEACH AGUS ACMHAINNE • STRATEGIC & RESOURCE MANAGEMENT

Is é an Leas-Choimisinéir Peter Fitzgerald atá i gceannas ar Bhainistíocht Straitéiseach agus Acmhainne.

Cuireann an An Leas-Choimisinéir, Bainistíocht Straitéiseach agus Acmhainne, comhairle ar an gCoimisinéir maidir leis an treo straitéiseach is fearr don Gharda Síochána agus maidir le bainistíocht gaolmhar ar fheidhmíocht straitéiseach. Tá Straitéis Chorpóraideach an Gharda Síochána agus na Pleananna Póilíneachta Bliantúla a ghabhann leo forthábhachtach sa mhéid seo.

Is é an Leas-Choimisinéir, Bainistíocht Straitéiseach agus Acmhainne, ionadaí ainmnithe an Gharda Síochána ar an gComhairle Náisiúnta Coireachta agus ar Choiste Iniúcháireachta an Gharda Síochána.

Tá an oifig Bhainistíocht Straitéiseach agus Acmhainne freagrach as trí phríomhroinn straitéiseach de chuid an Gharda Síochána.

- Bainistíocht Daonacmhainne
- Stiúthóir Airgeadais
- Straitéis agus Seirbhísí

### Struchtúr an Bhrainse

Tá freagracht dhíreach ar Bhainistíocht Straitéiseach agus Acmhainne chomh maith as an Aonad Forbartha Eagraíochta agus as Rannóg Iniúchta Inmheánaigh an Gharda.

### An tAonad Forbartha Eagraíochta

Feidhmíonn an tAonad Forbartha Eagraíochta (ODU) mar chomhairleoir inmheánach do bhainistíocht an Gharda agus tuairiscíonn don Leas-Choimisinéir, SRM. Ar chúraimí an ODU tá:

- taighde a sholáthar maidir le struchtúir, próisis agus cleachtais na ngníomhaireachtaí idirnáisiúnta forfheidhmiúcháin dlí;
- anailís straitéiseach a dhéanamh ar ranna an Gharda agus ar bheartais do lucht bainistíochta an Gharda;
- cuidiú le hOifig an Leas-Choimisinéara SRM san athbhreithniú bliantúil a dhéantar ar phleananna póilíneachta agus maidir le cur chun feidhme Straitéis Chorpóraideach an Gharda;
- athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht aonad agus ranna den Gharda, trí scrúdú a dhéanamh ar a modhanna oibre agus a n-ualach oibre mar aon le hanailís ar ghníomhaíochtaí chun a riachtanais le haghaidh acmhainne a fháil amach.

### Rannóg Iniúchta Inmheánaigh an Gharda

Ar an gcaoi chéanna, tuairiscíonn Rannóg Iniúchta Inmheánaigh an Gharda (GIAS) go díreach don Leas-Choimisinéir, SRM. Tá creat dlí agus rialúcháin na feidhme iniúcháireachta le haghaidh An Gharda Síochána le fáil ag ailt 43, 44 & 45 d'Acht an Gharda Síochána 2005. Is iad príomhchuspóirí Rannóg Iniúchta Inmheánaigh an Gharda athbhreithniú agus breithmheas a dhéanamh ar:

- na próisis, córais agus nósanna imeachta gnó atá ar bun in An Garda Síochána maidir le cúrsaí airgeadais agus cuntasacht i leith maoin phoiblí;
- leorgacht, iontaofacht agus iomláine an eolais atá á sholáthar do chinnteoireacht agus do chuntasacht;
- a mhéid a ghéilltear do reachtaíocht agus do Rialacháin Chóid; agus do phleananna, nósanna imeachta agus beartais eagraíochta;
- na nósanna imeachta maidir le fáil agus díúscairt sócmhainne agus cosaint na

sócmhainne sin ó chailteanas nó mí-úsáid; agus

- na socruithe d'úsáid éifeachtach, éifeachtúil agus eacnamúil acmhainne seirbhíse.

Le linn 2006 ar fad, bhí cúram ar an Oifig Bhainistíocht Straitéiseach agus Acmhainne maidir le cur chun feidhme agus rialú na dtionscadal straitéiseach seo a leanas:

### Straitéis Chorpóraideach an Gharda 2007-2009

Tá Oifig an Leas-Choimisinéara Bainistíocht Straitéiseach agus Acmhainne freagrach as dearadh, cur chun feidhme agus athbhreithniú Straitéis Chorpóraideach an Gharda 2007-2009. Is í seo an chéad straitéis chorpóraideach a ceapadh de réir fhorálacha Acht an Gharda Síochána, 2005.

Bhunaigh an Leas-Choimisinéir Bainistíocht Straitéiseach agus Acmhainne an Grúpa Oibre um Straitéis Chorpóraideach. Breithníodh aighneachtaí ó fhorais phoiblí, ó ghrúpaí leasmhara agus ó dhaoine aonair nuair a bhí an Straitéis Chorpóraideach á réiteach. D'fhaomhaigh an Coimisinéir agus an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí an doiciméad deiridh.

### Plean Póilíneachta Bliantúil 2007

Bhí cúram ar an Leas-Choimisinéir Bainistíocht Straitéiseach agus Acmhainne as réiteach Phlean Póilíneachta Bliantúil 2007. Is é Plean 2007 an chéad chéim i dtreo cur chun feidhme Straitéis Chorpóraideach an Gharda Síochána 2007-2009 agus is é an chéad phlean a réitíodh de réir fhorálacha cuntasachta Acht an Gharda Síochána, 2005. Dírfonn an plean ar shábháilteacht an phoiblí, ar mhúinín an phoiblí agus ar chuntasacht phoiblí thrédhearach, ós iad sin na trí riachtanas poiblí den Straitéis Chorpóraideach 2007-2009.

### Clár um Cheannaireacht Feidhmiúcháin a Fhorbairt

Soláthraíonn Clár um Cheannaireacht Feidhmiúcháin an Gharda deiseanna struchtúracha, iomlánaíthe agus fócasaithe d'fhorbairt ceannaireachta chun éascú a dhéanamh ar fhorás pearsanta agus forbairt ghairmiúil núicléas d'Oifigigh Shinsearach an Gharda a d'fhéadfaí a mheas mar dhaoine a bheadh oiriúnach do chéim an Choimisinéara Cúnta agus do chéimeanna os a chionn.

Chuir deichniúr ball ag céim an Phríomhcheannfoirt ón nGarda Síochána mar aon le rannpháirtithe ón Strathclyde Police agus ó Sheirbhís Phoilíneachta Thuaisceart Éireann (PSNI) tús leis an gclár i mí Mheán Fómhair 2006.

### Athrú Eagraíochtúil

D'ullmhaigh an Leas-Choimisinéir Bainistíocht Straitéiseach agus Acmhainne moltaí maidir le **T u a r a s c á i l Chigireacht** an Gharda Síochána agus **T u a r a s c á i l Idirthréimhseach** an Ghrúpa Chomhairligh um Bainistíocht an Gharda agus **F o r b a i r t Ceannaireachta**.



Strategic and Resource Management is headed by Deputy Commissioner Peter Fitzgerald.

Deputy Commissioner, Strategic and Resource Management advises the Commissioner in respect of the optimum strategic direction for the Garda Síochána and associated management of strategic performance. The Garda Corporate Strategy and Annual Policing Plans are pertinent in this respect.

Deputy Commissioner, Strategic and Resource Management is the nominated representative of the Garda Síochána on the National Crime Council and the Garda Síochána Audit Committee.

The office of Strategic and Resource Management is responsible for three key strategic sections in the Garda Síochána.

- Human Resource Management
- Director of Finance
- Strategy and Services

### Branch Structure

Strategic and Resource Management also has direct responsibility for the Organisation Development Unit and Garda Internal Audit Section.

### Organisation Development Unit

The Organisation Development Unit (ODU) acts as an internal consultancy for Garda Management which reports to Deputy Commissioner, SRM. The ODU's role includes:

- the provision of research into the structures, processes and practices of international law enforcement agencies;
- the strategic analysis of Garda sections and policies for Garda Management;
- to assist the Office of Deputy Commissioner SRM in the annual review of the Policing Plans and implementation of the Garda Corporate Strategy;
- to review the effectiveness of Garda units and sections, through an examination of their work methods, workload and activity analysis to determine their requirements for resources.

### Garda Síochána Internal Audit Section

The Garda Internal Audit Section (GIAS) similarly reports directly to the Deputy Commissioner, SRM. The legal and regulatory framework of the audit function for An Garda Síochána is contained at Sections 43, 44 & 45 of the Garda Síochána Act 2005. The primary objectives of the Garda Internal Audit Section are to review and appraise:

- the business processes, systems and procedures operating in An Garda Síochána with regard to financial matters and public property accountability;
- the adequacy, reliability and integrity of the information being provided for decision-making and accountability;
- the degree of compliance with legislation and Code Regulations; and with organisational plans, procedures and policies;
- the procedures for the acquisition and disposal of assets and the safeguarding of these assets from loss or misuse; and
- the arrangements for the effective, efficient and economic use of service resources.



Throughout 2006, the Office of Strategic and Resource Management was responsible for the implementation and control of the following strategic projects:

### Garda Corporate Strategy 2007-2009

The office of Deputy Commissioner Strategic and Resource Management is responsible for the design, implementation and review of the Garda Síochána Corporate Strategy 2007-2009. This is the first Corporate Strategy to be developed in accordance with the provisions of the Garda Síochána Act, 2005.

Deputy Commissioner Strategic and Resource Management established the Corporate Strategy Working Group. Submissions from public bodies, interested groups and individuals were considered in the preparation of the Corporate Strategy. The final document was approved by the Commissioner and the Minister for Justice, Equality and Law Reform.

### Annual Policing Plan 2007

Deputy Commissioner Strategic and Resource Management had responsibility for the preparation of the 2007 Annual Policing Plan. The 2007 Plan is the first step towards the implementation of the Garda Síochána Corporate Strategy 2007-2009 and is the first to be developed in accordance with the accountability provisions of the Garda Síochána Act, 2005. The plan is focused on public safety, public confidence and transparent public accountability, the three public imperatives of the Corporate Strategy 2007-2009.

### Development of Executive Leadership Programme

The Garda Executive Leadership Programme provides structured, integrated and focused leadership development opportunities to facilitate the personal growth and professional development of a nucleus of senior Garda Officers who may be considered suitable for service in the rank of Assistant Commissioner and above.

Ten members of Chief Superintendent rank from An Garda Síochána together with participants from the Strathclyde Police and the Police Service of Northern Ireland (PSNI) commenced the Programme in September 2006.

### Organisational Change

Deputy Commissioner Strategic and Resource Management prepared recommendations regarding the Reports of The Garda Síochána Inspectorate and Interim Report of the Advisory Group on Garda Management and Leadership Development.



## OIBRÍOCHTAÍ

Tá cúram ar an Leas-Choimisinéir Fachtna Murphy maidir le gach póilíníú oibríúcháin agus slándáil Stáit agus cuireann sé comhairle ar an gCoimisinéir i dtaobh gach ceist mar sin. I measc thosaíochtaí an Gharda Síochána i 2006 bhí laghdú agus coisceadh coireachta; póilíníú arindfheictheachta; foinsí rúnda faisnéis dhaonna; maoirsiú ar thabhairt isteach moltaí Thuascáil Bhinse Fiosrúcháin Morris, Thuascáil Barr; Tuascálacha Chigireacht an Gharda agus Thuascáil Uí Aodha ar phóilíníú oibríúcháin; cur le hacmhainn an Gharda Síochána le haghaidh mórim-scrúduithe coireachta.

I bhFeabhra, i ndiaidh deimhniú ráig de Influenza Éanúil sa RA, chuaigh an Leas-Choimisinéir i gceannas ar Ghrúpa Oibre chun a chinntiú go mbeadh na heagraíochtaí seo ullamh faoi chomhair aon teagmhais nó briseadh amach amhrasta sa tír seo, go háirithe i ngeall ar ár teorainn talún leis an RA. Réitíodh pleananna teagmhásacha ag leibhéal rannach agus Réigiúnach. Ba é an Leas-Choimisinéir ionadaí an Gharda Síochána ar an nGrúpa Idir-Rannach, faoi cheannas an Aire Talamhóchta, a bhunaigh an Rialtas i ngeall ar thromchúis na bagartha ar Éirinn.

Ag éirí as na moltaí a rinneadh i dTuascálacha Morris ón mBinse Fiosrúcháin maidir le caimiléireacht líomhnaithe ag roinnt comhaltaí den Gharda Síochána i Roinn Dhún na nGall chuaigh an Leas-Choimisinéir, Oibríochtaí, i nDún na nGall i gceannas ar Ghrúpa Oibre chun scrúdú a dhéanamh ar úsáid foinsí faisnéis dhaonna ag an nGarda Síochána. Dá bharr sin tugadh isteach beartas agus nósanna imeachta nua a cuireadh chun feidhme i 2006. Bunaíodh an tAonad Náisiúnta Bainistiú Foinsí chun maoirsiú a dhéanamh ar chur chun feidhme beartais, nósanna imeachta agus oiliúna le haghaidh láimhseáil / bainistiú daonacmhainní ag an nGarda Síochána.

Aithníodh póilíníú arindfheictheachta mar cheann de na príomhthosaíochtaí don Gharda Síochána i 2006 agus thug an Leas-Choimisinéir, Oibríochtaí, isteach tionscnaimh, ar bhonn píolótach, i ngach Réigiún Garda dírithe ar láithreach an Gharda Síochána a mheadú i Ranna Garda roghnaithe – RCBAC Thiar; Sligeach/Liatroim; Cathair Chorcaí; An Longfort/An Iarmh; Gaillimh Thiar agus Port Láirge/Cill Chainnigh. Aithníodh na príomhréimsí seo a leanas agus díríodh orthu sna treoscéimeanna:

- Bainistiú neamhláithreachta

- Patról tascanna
- Comharthaí & siombailí
- Patrólú bainistiúcháin
- Bainistiú cúirte

Lean an Garda Síochána de bheith ag díriú orthu siúd atá bainteach le coireacht eagraithe. Tionóladh an Comhchoiste Trasteorann ar Choireacht Eagraithe i Léim an Mhadaidh i nDeireadh Fómhair chun treochtaí nua coireachta a aithint agus réimsí comhair a aontú sa chomhrac leanúnach in éadan coirpigh eagraithe atá ag feidhmiú ar dhá thaobh na teorann.

Tionscnáidh Oibríocht 'Anvil' ag an gCoimisinéir i Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath an 17ú Bealtaine, 2005. Tionscnamh póilíneachta faisnéistheoraithe is ea é a dhíríonn ar choirpigh ghníomhacha agus ar a geompháirtithe atá bainteach le coireacht thromchúiseach trí chur isteach ar ghníomhaíocht choiriúil agus é a chos trí bhithin patrólú fairsing feiceálach breise, agus seicphointí seasta, ag patrólú ghluasteacha agus coise in éide, arna dtacú ag patrólú armtha as éide. Le cois an phatrólaithe fheiceálaigh seo táthar ag tabhairt faoi oibríochtaí rúnda faisnéistheoraithe le linn Oibríocht 'Anvil' ina mbíonn aonaid áitiúla agus pearsanra ó aonaid imscrúdaithe náisiúnta an Gharda páirteach.

Lasmuigh de Réigiún Chathrach Bhaile Átha Cliath gabhadh 4,044 duine agus urghabhadh 286 arm tine. Ritheadh roinnt oibríochtaí rathúla agus is gabhálacha tábhachtacha i ngach Réigiún Garda a bhí de thoradh air sin. Tar éis anailís ar threochtaí coireachta ag bainistiúch shinséarach an Gharda díríodh ar chionta eile ceannlíne, lena n-áirítear buirgléireacht agus cionta a bhain le gadaíocht, ar nós gadaíochtaí ó shiopaí, ó fheithiclí agus cionta gadaíochta eile i bhfoirm tionscnamh spriocaimithe a laghdaigh go mór líon na gcionta den sórt sin a taifeadadh i gcaitheamh 2006.

I gCeantar Cathrach Bhaile Átha Cliath amháin, gabhadh 3,500 duine nach mór le haghaidh mórchionta coiriúla. Rinneadh 17,000 cuardach nach mór sa Réigiún agus eagraíodh breis is 23,600 seicphointe. Urghabhadh breis is 5,500 feithicil faoi fhorálacha alt 41, an tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 1994 agus urghabhadh 290 arm tine sa tréimhse seo. Urghabhadh maoin de luach tuairim is €10m i RCBAC i 2006.

## OPERATIONS

Deputy Commissioner Fachtna Murphy has responsibility for all operational policing and State security and advises the Commissioner on all such matters. Crime reduction and prevention; high-visibility policing; covert human intelligence source management; overseeing the introduction of the recommendations of the Morris and Barr Reports; Reports of the Garda Inspectorate and the Hayes Report on operational policing; improving the capacity of An Garda Síochána for major crime investigations were among the priorities for An Garda Síochána in 2006.

In February, following the confirmation of an outbreak of Avian Influenza in the UK Deputy Commissioner, Operations chaired a Working Group to ensure the organisations preparedness for any incident or suspected outbreak on these shores and contingency plans were prepared. The Deputy Commissioner also represented An Garda Síochána on the Inter-Departmental Group, chaired by the Minister for Agriculture which had been established by Government given the seriousness of the threat to Ireland.

Arising from the recommendations contained in the Morris Reports' from the Tribunal of inquiry into alleged corruption by some members of An Garda Síochána in Donegal Division Deputy Commissioner, Operations chaired a Working Group to examine the use of human intelligence sources by An Garda Síochána resulting in the introduction of new policy and procedures being implemented during 2006. The National Source Management Unit was established to have over-sight of the implementation of policy, procedures and training for the handling / managing of human sources by An Garda Síochána.

High-visibility policing was identified as one of main priorities for An Garda Síochána in 2006 and Deputy Commissioner, Operations introduced initiatives, on a pilot-basis, in each Garda Region aimed at increasing the visibility of An Garda Síochána in the selected Garda Divisions – DMR West; Sligo / Leitrim; Cork City; Longford / Westmeath; Galway West and Waterford / Kilkenny Divisions. The following key areas were identified and targeted during the pilots:

- Absence Management

- Task patrols
- Signs & symbols
- Management patrolling
- Court management

An Garda Síochána continued to target those involved in Organised Crime and the Joint Cross-Border Organised Crime Conference was held in Limavaddy in October in order to identify new crime trends and to agree on areas of joint cooperation in the continuing fight against organised crime with a cross-border dimension.

Operation 'Anvil' which was initiated in the Dublin Metropolitan Region in 2005 and was expanded to all Garda Divisions during 2006. The Operation is an intelligence-led policing initiative targeting active criminals and their associates involved in serious crime by preventing and disrupting this criminal activity, through extensive additional overt patrolling, and static checkpoints, by uniform mobile and foot patrols, supported by armed plain-clothes patrols. In addition to this overt patrolling, intelligence-led covert operations are also being undertaken in the course of Operation 'Anvil' involving local units and personnel from Garda national investigative units.

Outside the Dublin Metropolitan Regions there were 4,044 arrests and 286 firearms seized and a number of successful operations were run which resulted in significant arrests in every Garda Region. Following an analysis of crime trends by senior Garda management further headline offences, including burglary and theft related offences, such as thefts from shops, thefts from vehicles and other theft offences were the subject of targeted initiatives which resulted in a significant reduction in the numbers of such offences recorded during 2006.

In the Dublin Metropolitan Region alone, almost 3,500 arrests were made for serious criminal offences. Almost 17,000 searches were conducted in the Region and over 23,600 checkpoints performed. Over 5,500 vehicles were seized under the provisions of section 41, Road Traffic Act, 1994 and 290 firearms were recovered during the same period. Property to the value of approx. €10m was also recovered in the DMR in 2006.

Reáchtáladh an 36ú craobhchomórtas imeartha gailf idir na Stáit Aontaithe agus an Eoraip ag Club K, Teach Srafián, Co. Chill Dara i Meán Fómhair 2006 agus bhí súile an domhain dírithe ar Éirinn. Ba í an ócáid ba mhó in Éirinn anuraidh, an ócáid ghailf ba mhó ar domhain agus, i ndiaidh Chorn an Domhain, an ócáid spóirt ba mhó sa domhan i 2006.

Bhí súil le breis is 45,000 de lucht féachana chuile lá imeartha agus mar sin bhí gá le planáil chúramach lena n-áirítear bainistiú tráchta, bainistiú sluaite agus cordún a chur timpeall ar shráidbhaile Theach Srafián chun a chinntiú nach rachadh ach daoine agus feithiclí creidiúnaithe, agus cónaitheoirí áitiúla san áireamh, i bhfoisceacht Club K agus a chinntiú ag an am céanna go raibh an cur isteach chomh beag is ab fhéidir.

Bhí gá le próiseas comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara ar fad, lena n-áirítear grúpaí de chónaitheoirí áitiúla, Comhairle Contae Chill Dara, Ryder Cup Ltd., Kildare Country and Golf Club (Club K), cósaint shibhialta agus seirbhís éigeandála etc. le go mbeadh rath ar ócáid ollmhóir mar seo. Bhí gá le hidirchaidreamh chomh maith le gníomhaireachtaí eile forfheidhmiúcháin dlí agus slándála san Eoraip agus sna Stáit



Aontaithe, mar aon le lucht Turais PGA na hEorpa, a bhfuil taithí sa réimse seo acu.

Bunaíodh Grúpa Oibre Garda a bhí comhdhéanta d'ionadaithe ó Roinn Cheatharlach / Chill Dara, Coireacht & Slándáil, Idirchaidreamh & Cosaint, Slándáil & Faisnéis, Seirbhísí Tacaíochta Náisiúnta, Aonaid Tacaíochta Oibríúcháin, lena n-áirítear Aonad na Madraí, an tAonad Aerthacaíochta, an tAonad Uisce agus Aonad na gCapall, Teileachumarsáid / Seirbhísí agus an Oifig Phreasa agus Chaidreamh Poiblí. Bhí gá le breis is 7,000 foireann a fhosú, ar chonarthaí gearrthearma den chuid is mó, d'óstáil Chorn Ryder, agus b'éigean gach duine díobh a sheiceáil tríd an Aonad Lárnach Seiceála.

The 36th Ryder Cup golf match-play tournament between the USA and Europe was held at the K Club, Straffan, Co. Kildare in September, 2006 and the world's eyes were on Ireland. It was the biggest event in Ireland during the year, the world's biggest golf event and, after the World Cup, the second biggest event in the world in 2006.

With over 45,000 spectators expected each match day major planning was essential, to include traffic management, crowd control and to place a cordon around the village of Straffan to ensure that only accredited people and vehicles, including local residents, were permitted within the vicinity

of the K Club, while ensuring that disruption was kept to a minimum.

A consultation process with all stakeholders, to include local residents' groups, Kildare County Council, Ryder Cup Ltd., Kildare Country and Golf Club (the K Club), the civil defence and other emergency services, was essential for the smooth-running of an event on this scale. Liaison was also essential with other law enforcement and security agencies in Europe and the US, as well as the European PGA tours, who have vast experience.

A Garda Working Group was established comprising of representatives from Carlow / Kildare Division, Crime & Security, Liaison & Protection, Security & Intelligence, National Support Services, Operational Support Units, including the Dog Unit, the Air Support Unit, the Water Unit and the Mounted Unit, Telecommunications / Services and the Press and Public Relations Office. The hosting of the Ryder Cup necessitated over 7,000 staff being employed, mostly on short-term contracts – all of whom had to be fully vetted through the Central Vetting Unit.



## BAINISTÍOCHT DAONACMHAINNÍ

Tá cúram foriomlán as bainistiú daonachmhainní, lena n-áirítear comhaltaí an Gharda agus comhaltaí neamh-Gharda ar fud eagraíocht an Gharda.

Tá Ardcheannfort i gceannas ar gach rannóg, agus is stiúthóir sibhialtach é an Stiúthóir Daonachmhainní Sibhialtach. Is í an Coimisinéir Cúnta, Catherine Clancy, atá i gceannas ar Bhainistíocht Daonachmhainní agus tuairiscíonn sí don Leas-Choimisinéir, Bainistíocht Straitéiseach agus Acmhainne.

### Leithdháileadh Daonachmhainní ar an nGarda Síochána

Amhail ar an 31ú Nollaig 2006 ba é leithdháileadh daonachmhainní iomlán an Gharda Síochána 14,969.

Pearsanra Lánaimseartha (Faoi mhionn)	12,954
Pearsanra Sibhialtach (Neamh-mhionnaithe)	1,979
Cúltaca an Gharda	36
<b>Iomlán</b>	<b>14,969</b>

I rith 2006, glacadh le 1,114 Oiliúnaí Garda i gColáiste an Gharda chun dul i mbun oiliúna mar Oiliúnaí Garda/Garda ar Promhadh. Ritheadh feachtas earcaíochta i nDeireadh Fómhair, 2006 as sin fuarthas 9,159 iarratas, as ar roghnaíodh 1,110 chun dul i mbun oiliúna i 2007.

Seoladh Cúltaca an Gharda i 2006 agus chuaigh na chéad 36 ball den Chúltaca i mbun oiliúna ag Coláiste an Gharda i Meán Fómhair. Chríochnaigh siad a gcuid oiliúna ar 15ú Nollaig, 2006.

Mar chuid den phróiseas sibhialtacháin, Bainisteoir Daonachmhainní agus Stiúthóir Daonachmhainní Sibhialtach, cruthaíodh agus líonadh i mbliana.

Ar na sainphoist sibhialtacha eile a líonadh i gcaitheamh na bliana bhí fostaithe san Anonad Iniúchta Inmheánaigh; Cuntasóirí agus Múinteoirí / Oiliúnaí. Ag deireadh bliana bhí pleananna go maith chun cinn chun Anailíseoirí Coireachta agus 300 d'fhoireann tacaíochta cléireach sibhialtach a earcú agus scaoilfidh na hearcaíochtaí seo Gardaí le gur féidir iad a imlónnú ar oibríochtaí go luath i 2007.

### Oiliúint & Forbairt

Soláthraíonn Coláiste an Gharda, faoin Stiúthóir Oiliúna, raon iomlán riachtanas oiliúna agus forbartha an Gharda Síochána, ag an gColáiste féin sa Teampall Mór agus trí líonra de Scoileanna Rannáin um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD). I gcaitheamh 2006 thug an Coláiste isteach Clár um Imscrúdú Fóireinseach Tuairteála agus Clár Oiliúna d'Oifigigh Idirchaidrimh Teaghlaigh; tugadh clár oiliúna isteach chomh maith dóibh seo a leanas: Comhordaitheoirí Seomra Teagmhais; Oifigigh Imscrúdúcháin Shinsearacha agus Ceannasaithe ar an Láthair; athbheithníodh na clár oiliúna / forbartha do Ghardaí agus do Sháirsintí Bleachtaire.

Eagraíodh cúrsaí forbartha do chomhaltaí den Gharda Síochána a fuair ardú céime (chuig gach céim) i gcaitheamh na bliana mar aon le forbairt & tabhairt isteach Clár Cheannaireacht Fheidhmíocháin an Gharda. Cuireadh tús leis an gclár deiridh seo i Meán Fómhair, 2006, agus forbraíodh é i gcomhar leis an Smurfit Business School ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Déantar modúl amháin den chlár seo ag Scoil Ghnó Harvard.

Chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar acmhainn oiliúna speisialtóra, ceannaíodh láithreán oiriúnach ag Cluain Mhór, Co. Thiobraid Árann, a cheadóidh leathnú ar shaoráidí oiliúna an Gharda agus soláthar saoráidí oiliúna den scoth mar a theastaíonn le haghaidh seirbhís phóilínéachta an lae inniu.

Maidir le hionadú a dhéanamh ar nádúr

ilchultúrtha shochaí na hÉireann, chuaigh An Garda Síochána i mbun taighde agus forbairt beartais nár bheag chun cuidiú le hearcú agus imeascadh mionlaigh eitneacha in An Garda Síochána, d'fhonn beartas agus straitéis éagsúlachta a thabhairt chun críche i 2007.

### Gnóthai Inmheánaíochta

Comhaltaí den Gharda Síochána nach gcloíonn leis na prionsabail is airde ionraicis, iompair agus macántachta agus a gcuid dualgais mar chomhaltaí den tseirbhís á gcomhlíonadh acu, bíonn siad faoi réir imscrúdaithe de réir an Dlí Choiriúil agus / nó imscrúdaithe inmheánaigh de réir Rialacháin Disciplíne an Gharda Síochána, 1989.

I gcaitheamh na bliana, fuarthas 100 comhalta den Gharda Síochána ag sárú Rialacháin (Disciplíne) an Gharda Síochána, 1989. Briseadh seisear (6) as a bpost dá bharr agus gearradh fineálacha airgid agus tugadh rabhadh agus / nó spraic i gcás ceathrar oifigeach is nócha (94). Gearradh pionóis airgid de €40,395 san iomlán ar chomhaltaí. Briseadh oifigeach amháin (1) eile as a bpost faoi fhorálacha Acht an Gharda Síochána, 2005, agus ag deireadh bliana bhí triúr comhaltaí déag (13) fós ar fionraí.

I gcaitheamh 2006, rinneadh an-obair maidir le Rialacháin Disciplíne nua a dhréachtadh don Gharda Síochána, i gcomhar leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais & Athchóirithe Dlí. Leanfar den obair seo i 2007.

Bhásaigh beirt i gcoimeád an Gharda le linn 2006 tar éis a gcoimeád ag Stáisiún An Chúlóg and Port Lairge. Ceapadh oifigeach ó lasmuigh den Roinn Garda i ngach cás chun imthosca na mbásanna a imscrúdú. Níor tugadh an ionchoisne chun críche i gceachtar den dá chás.

### Ceisteanna Leasa

Feidhm an-tábhachtach de chuid an Bhraíne Bhainistíocht Daonachmhainní is ea leas gach comhalta den Gharda Síochána. Ceapadh beirt Oifigeach Leasa Garda breise i gcaitheamh na bliana, rud a thug an t-iomlán go 10, faoi cheannas Cigire-i-gceannas ar an tSeirbhís Leasa.

Mar chuid de Sheirbhís Leasa an Gharda, chuaigh roinnt Piarthacóirí i mbun oiliúna maidir le Bainistiú Strusa de bharr Theagmhais Chriticiúil, a chuideoidh le hidirghabháil luath chun na héifeachtaí strusacha a bhaineann le bheith ag déileáil le teagmhais chriticiúla a mhaolú.

## HUMAN RESOURCE MANAGEMENT

The Garda Human Resource Management Branch (HRM) has overall responsibility for the management of human resources, including both Garda members and non-Garda members throughout the Garda organisation.

Each section is headed by a Chief Superintendent, with the Civilian HR Directorate headed by a civilian Director of Civilian HR. Human Resource Management is headed by Assistant Commissioner Catherine Clancy who reports to Deputy Commissioner, Strategic and Resource Management.

### Human Resource Allocation to An Garda Síochána.

As at the 31st December, 2006, the total human resource allocation to An Garda Síochána was 14,969.

Full-time (Sworn) Personnel	12,954
Civilian (Non-sworn) Personnel	1,979
Garda Reserves	36
<b>Total</b>	<b>14,969</b>

During 2006, a total of 1,114 Garda Trainees were admitted to the Garda College to commence training. In October, 2006, a recruitment campaign was undertaken and resulted in 9,159 applicants, from which 1,110 will be selected to commence training in 2007.

The Garda Reserve was launched in 2006 and the first 36 members of the Reserve commenced training at the Garda College in September, graduating on 15th December, 2006.

As part of the civilianisation process posts of a Human Resource Manager and Civilian HR Director were created and filled during the year.

Other specialist civilian posts filled during the year include those employed in the Internal Audit Unit; Accountants and Teacher/Trainers. At year-end plans to recruit Crime Analysts and some 300 civilian clerical support staff were at an advanced stage and this will release Gardaí for operational deployment in early 2007.

### Training & Development

The Garda College, under the Director of Training, provides the full range of training and development requirements for An Garda Síochána, both at the College itself in Templemore and through a network of Divisional Continuous Professional Developments (CPD) Schools. During 2006 the

Garda College introduced a Forensic Collision Investigation Programme and a Family Liaison Officers Training Programme. Training programmes were also introduced for the following: Incident Room Coordinators; Senior Investigation Officers and On-Scene Commanders. The training/development programmes for Detective Gardaí and Sergeants were also reviewed.

Development Courses for members of An Garda Síochána promoted (to all ranks) during the year were also undertaken along with the development and introduction of a Garda Executive Leadership Programme, which commenced in September, 2006 and was developed in conjunction with the Smurfit Business School at University College Dublin. A module of the programme is conducted at Harvard Business School.

To further develop specialist training capabilities, the purchase was completed of a suitable site at Clonmore, Co. Tipperary which will allow for the expansion of Garda training and the provision of world-class training facilities required for a modern day police service.

An Garda Síochána undertook considerable research and policy development to assist in the recruitment and integration of ethnic minorities into An Garda Síochána, with a view to finalising a diversity policy and strategy in 2007.

### Internal Affairs

Members of An Garda Síochána who do not adhere to the highest principles of integrity, conduct and probity in the application of their duties as members of the service are subject to investigation in accordance with the Criminal Law and / or internal investigation in accordance with the Garda Síochána Discipline Regulations, 1989.

During the year, 100 members of the Garda Síochána were found in breach of the Garda Síochána (Discipline) Regulations, 1989, resulting in six (6) dismissals and ninety four (94) officers receiving a combination of monetary fines, cautions and/or reprimands. Total monetary penalties imposed on members was €40,395. One (1) further member was dismissed under the provisions of the Garda Síochána Act, 2005. At year-end a total of thirteen (13) members remained on suspension.

During 2006, considerable work was undertaken in the drafting of new Discipline Regulations for An Garda Síochána. This work will continue in 2007.

Two people died in Garda custody during 2006 having been detained at Coolock and Waterford Garda Stations. An Officer from outside the Garda Division was appointed in each case to investigate the circumstances surrounding the deaths. Inquests have not been finalised in either instance.

### Welfare Issues.

Welfare of all members of An Garda Síochána is a key function of Human Resource Management Branch. During the year an additional two Garda Welfare Officers were appointed, bringing the total number to 10, under the control of an Inspector in-charge of the Welfare Service.

As part of the Garda Welfare Service, a number of Peer Supporters underwent Critical Incident Stress Management training. This will assist in early intervention in ameliorating the stressful effects of dealing with critical incidents.



## A I R G E A D A S

De réir alt 43, Acht an Gharda Síochána, 2005, ceapadh an Coimisinéir mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta, nó buiséad, an Gharda, ar 14 Iúil, 2006, ag teacht in ionad Ard-Rúnaí na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí mar Oifigeach Cuntasaíochta. Tá ceangal anois ar an gCoimisinéir mníú a thabhairt díreach do Choiste na gCuntas Poiblí (PAC) maidir le rialtacht agus oiriúnacht gach idirbheart airgeadais atá taifeadta i dtaifid airgeadais an Gharda Síochána. Lena chois sin, tá ceangal ar an gCoimisinéir, mar an Oifigeach Cuntasaíochta, éifeachtúlacht agus eacnamaíocht na n-acmhainní a úsáideadh a chosaint agus teacht os comhair Choiste na gCuntas Poiblí i dtaobh aon cheist a bhí mar ábhar le tuarascáil arna ullmhú ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (C&AG).

Chun tacú leis an gCoimisinéir i ról an

Oifigh Chuntasaíochta, cuireadh Córas Bainistíochta Airgeadais nua comhtháite i bhfeidhm agus críochnaíodh a rolladh amach san eagraíocht le linn 2006. D'éascaigh cur chun feidhme an Chórais Bhainistíochta airgeadais teacht chun cinn leanúnach freagracht bhuiséadach laistigh den eagraíocht. Feabhsaíodh na feidhmeanna cuntasaíochta airgeadais agus bainistíochta, agus tá siad á bhfeabhsú fós, ionas go bhfuil an Coimisinéir agus foireann shinsearach bainistíochta an Gharda sa staid gur féidir leo smacht a fheidhmiú ar chaiteachas agus a chinntiú go bhfaightear luach ar airgead. Bainistíodh Vóta 2006 an Gharda laistigh de na cistí leithdháilte de €1.29bn, a raibh €15m breise ann chun tionscnaimh speisialta frithchoireachta a mhaoiniú, dála Oibríocht 'Anvil'.

Ba é cuspóir na Rannóige Soláthair, atá faoi cheannas an Stiúrthóir Airgeadais chomh maith, riachtanais phearsanra an Gharda a chomhlíonadh agus ag an am céanna feabhsuithe a bhrú ar aghaidh sna próisis ceannach straitéiseach agus bainistíú slabhra soláthair, a chiallaigh taighde leanúnach a dhéanamh ar threalamh nua agus soláthraithe nua a aithint. Príomhcheist is ea cúrsaí sláinte agus sábháilteachta agus féachann an

rannóg le cinntiú go bhfuil pearsanra an Gharda trealmhaithe i gceart chun a ndualgais a chomhlíonadh ar gach ócáid.

Ar na conarthaí a síníodh le haghaidh soláthar trealamh nua i 2006 bhí:

- ▲ Armúr coirp (a sholáthraíonn cosaint frithsá agus balaistíoch – d'eisiúint ghinearálta;
- ▲ Bataí inghiorraithe;
- ▲ Trealamh Chór Trácht, lena n-áirítear soilsiú speisialtóra agus comharthaí 'Seicphointe';
- ▲ Trealamh imscrúdúcháin imbhualtí trácht;
- ▲ Rothair bhreise le haghaidh Aonaid Rothar Sléibhe an Gharda;
- ▲ Seaicéid ardinfeictheachta feabhsaithe;
- ▲ Trealamh bunúsach 'Modh Iontrála' le húsáid ag leibhéal Ceantair an Gharda;
- ▲ Trealamh a theastaíonn d'oilíúint pearsanra i gcórais fhóirúla teagaisc arm tine;
- ▲ Ceamaraí digiteacha.

Sholáthair an Rannóg Soláthair éide agus trealamh eile do Chúltaca an Gharda, a tugadh isteach le linn 2006.



## • STRAITÉIS &amp; SEIRBHÍSÍ •

Coimisinéir Cúnta atá i gceannas ar Straitéis & Seirbhísí, atá comhdhéanta de roinnt rannóige tábhachtacha a sholáthraíonn ar an gcéad dul síos feidhmeanna tacaíochta gnó, gairmiúla agus oibríochtúla don Gharda Síochána. Is iad seo: Rannóg TE an Gharda; Bainistíú ar Athrú; Seirbhísí & Teileachumarsáid (lena n-áirítear bainistíú ar Fhlít Iompair an Gharda agus ar shaoaráid cóiríochta); Caidreamh Pobail an Gharda; Aonad Chaighdeán Ghairmiúla an Gharda; agus Aonad Taighde an Gharda.

Ba iad na buaicphointí maidir le Straitéis & Seirbhísí don bhliain 2006:

- ▲ Bunaíodh Ionad Sheirbhís Eolais an Gharda (GISC), ionad náisiúnta gabháil sonraí le haghaidh PULSE
- ▲ Rolladh amach an Córas Próiseála Táille Socraithe ar fud na tíre agus tugadh cúram maidir le próiseáil fócaíochtaí do An Post.
- ▲ Bunaíodh córas teilifíse ciorcad iata pobalbhunaithe ar fud na tíre
- ▲ Bunaíodh Aonad Chaighdeán Ghairmiúla an Gharda
- ▲ Ceapadh Bainisteoir Cóiríochta (pearsanra neamh-mhionnaithe).

**Bainistíú ar Athrú**

Bhí Bainistíú ar Athrú freagrach as rolladh amach Ionad Sheirbhís Eolais an Gharda (GISC) i gCaisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo a bhainistíú (féach mír ar leith sa tuarascáil seo). Bhí siad bainteach chomh maith le planáil agus cur chun feidhme roinnt tionscadal ar athrú lena n-áirítear:

- ▲ An Córas Náisiúnta um Próiseáil Táillí Socraithe
- ▲ Tionscadal Ard-Infheictheachta: eagraíodh treoirscéim i ngach Réigiún Garda agus díriodh ar chúig (5) réimse rí-thábhachtacha:
  - Bainistíocht neamhláithreachta
  - Patról tascanna
  - Comharthaí & siombailí
  - Patrólú bainistíochta
  - Bainistíú cúirte
- ▲ Cúltaca an Gharda

**Caidreamh Poiblí**

Ar bhuaicphointí 2006 do Chaidreamh Poiblí bhí:

- ▲ Eagraíodh mórchlár oiliúna do na hOifigh Choisc Coireachta a bhí cheana ann;
- ▲ Bunaíodh dlúthchaidreamh le Bord Cógais na hÉireann, Fóram Slándáil

